2025/1273

26.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1273 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 196ú seisiún den Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip é

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle ([1]), d'aontaigh an tAontas do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle ([2]), d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin déantar rialacháin ó na Náisiún Aontaithe arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') a ionchorprú i gcóras cineálcheadúcháin an Aontais, ina gceanglais maidir le cineálcheadú nó ina roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe) agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

(5) Ón 24 go dtí an 27 Meitheamh 2025, le linn an 196ú seisiún a bheidh aige, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin uimhreacha 9, 13, 16, 17, 30, 35, 41, 44, 54, 61, 75, 79, 108, 109, 117, 129, 131, 134, 142, 152, 157, 170, 171, 172, 173, 174 agus 175 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le córais éigeandála le fanacht i lána (ELKS); agus togra le haghaidh leasú ar RTD uimhir 24 ó na Náisiúin Aontaithe.

([1]) Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1997/836/oj).

([2]) Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/125/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

(6) Chun an taithí agus na forbairtí teicniúla a léiriú le linn an phróisis cineálcheadaithe, na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le rialacháin uimhreacha 9, 13, 16, 17, 30, 41, 44, 54, 61, 75, 79, 108, 109, 117, 129, 131, 134, 142, 152, 157, 170, 171, 172, 173, 174 agus 175 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le RTD uimhir 24 ó na Náisiúin Aontaithe, ní mór iad a leasú nó a fhorlíonadh.

(7) Chun dul chun cinn teicneolaíoch a éascú agus chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, ní mór rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córais Éigeandála le Fanacht i Lána (ELKS) a ghlacadh.

(8) Tá na tograí sin i gcomhréir le treoshuíomhanna beartais straitéiseacha an Aontais maidir leis an earnáil mótarfheithiclí, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

(9) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le RTD ó na Náisiúin Aontaithe, imreoidh siad tionchar cinntitheach ar inneachar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithiclí. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 a mhéid a bhaineann le glacadh na dtograí sin a bhunú.

(10) I bhfianaise na dtairbhí sin, ba cheart don Aontas vótáil i bhfabhar na dtograí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí le linn an 196ú seisiún den fhóram sin, a thionólfar idir an 24 agus an 27 Meitheamh 2025, vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 20 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
9	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 9 ó na Náisiúin Aontaithe (Torann ó Fheithiclí Trí Roth) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 3, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/8	ECE/TRANS/WP.29/2025/67
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 7 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 12 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 118, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/16, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-59	ECE/TRANS/WP.29/2025/57
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 13 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 118, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/16, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-59	ECE/TRANS/WP.29/2025/58
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 14 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 118, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/16, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-59	ECE/TRANS/WP.29/2025/59
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 15 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 118, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/16, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-59	ECE/TRANS/WP.29/2025/60
16	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le Sraith Leasuithe 10 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábháilte) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 8, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/6 arna leasú le hIarscríbhinn III a ghabhann le tuarascáil ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76	ECE/TRANS/WP.29/2025/49
17	Togra le haghaidh shraith leasuithe 12 ar Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe (Neart na suíochán) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 17, bunaithe ar GRSP-76-47-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/46 ECE/TRANS/WP.29/2025/46/Corr.1

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
30	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 27 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 30 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn le haghaidh Gluaisteáin Paisinéirí agus a Leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 10, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/9 arna leasú le GRBP-81-05-Rev.1 agus le tuarascáil an tseisiúin	ECE/TRANS/WP.29/2025/68
41	Togra le haghaidh sraith nua leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí torainn ó ghluaisrothair) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 6, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/5 arna leasú le GRBP-81-02 agus GRBP-81-15, ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/4 arna leasú GRBP-81-03, agus ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/7 arna leasú le GRBP-81-29	ECE/TRANS/WP.29/2025/66
41	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí torainn ó ghluaisrothair) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/79, mír 5, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2025/6 arna leasú le GRBP-81-30	ECE/TRANS/WP.29/2025/69
41	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí torainn ó ghluaisrothair) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, míreanna 4 agus 5, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/4, arna leasú GRBP-81-03 agus ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/7 arna leasú le GRBP-81-29	ECE/TRANS/WP.29/2025/70
44	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 19 a ghabhfaidh le sraith leasaithe 04 ar Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais srianta sábháilteachta linbh) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 18, bunaithe ar GRSP-76-46	ECE/TRANS/WP.29/2025/50
54	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 28 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn le haghaidh Feithiclí Tráchtála agus a Leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 11, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/10 arna leasú le GRBP-81-06-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/71
61	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 61 ó na Náisiúin Aontaithe (Starráin sheachtracha feithiclí tráchtála) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/108, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2024/22 nár leasaíodh	ECE/TRANS/WP.29/2025/83
75	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 21 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 75 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn le haghaidh Gluaisrothar/Móipéidí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 12, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/11 arna leasú le GRBP-81-07-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/72

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1273/oj

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
79	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 13 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh Stiúrtha) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 93, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/6 agus ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/7 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-11/Rev.2	ECE/TRANS/WP.29/2025/61
79	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh Stiúrtha) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 94, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/21 agus ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/7 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-11/Rev.2	ECE/TRANS/WP.29/2025/62
108	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 108 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn atráchtaithe le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus a leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 13, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/15 arna leasú le GRBP-81-11-Rev.1 agus le ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2024/24	ECE/TRANS/WP.29/2025/73
109	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 109 ó na Náisiúin Aontaithe (Boinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 13, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/16 arna leasú le GRBP-81-12-Rev.1.	ECE/TRANS/WP.29/2025/74
117	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 17 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe (Friotaíocht Rollta Bonn, Torann Rollta agus Fliuchghreim) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/12 arna leasú le GRBP-81-08-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/75
117	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe (Friotaíocht Rollta Bonn, Torann Rollta agus Fliuchghreim) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 15, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2024/23 arna leasú le GRBP-80-11 agus ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/13 arna leasú le GRBP-81-09-Rev.1.	ECE/TRANS/WP.29/2025/76
129	Togra le haghaidh fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le sraith leasaithe 03 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais fheabhsaithe um shrianadh sábháilteachta linbh) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 28, bunaithe ar GRSP-76-23	ECE/TRANS/WP.29/2025/51

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
129	Togra le haghaidh fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasaithe 04 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais fheabhsaithe um shrianadh sábháilteachta linbh) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 28, bunaithe ar GRSP-76-24	ECE/TRANS/WP.29/2025/52
131	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 131 ó na Náisiúin Aontaithe (Ardchóras coscánaithe éigeandála (AEBS)) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 105, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/8	ECE/TRANS/WP.29/2025/87
131	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 131 ó na Náisiúin Aontaithe (Ardchóras coscánaithe éigeandála (AEBS)) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 105, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/20	ECE/TRANS/WP.29/2025/88
134	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus feithiclí breosla-chille) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/27 arna leasú le hiarscríbhinn IX a ghabhann le tuarascáil ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76	ECE/TRANS/WP.29/2025/53 ECE/TRANS/WP.29/2025/53/Corr.1
142	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 142 ó na Náisiúin Aontaithe (Suiteáil boinn) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 19, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/14 arna leasú le GRBP-81-10	ECE/TRANS/WP.29/2025/77
152	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS) le haghaidh feithiclí M1 agus N1 ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 105, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/10	ECE/TRANS/WP.29/2025/89
152	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 7 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS) le haghaidh feithiclí M1 agus N1 ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 105, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/11	ECE/TRANS/WP.29/2025/90
152	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS) le haghaidh feithiclí M1 agus N1 ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 105, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/12	ECE/TRANS/WP.29/2025/91

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1273/oj

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
157	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 00 ar Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe (ALKS) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 27, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/3	ECE/TRANS/WP.29/2025/63
157	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe (ALKS) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 26, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/4 agus ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/2 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-07	ECE/TRANS/WP.29/2025/64
170	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 170 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais srianta sábháilteachta linbh le haghaidh iompar níos sábháilte leanaí i mbusanna agus i gcóistí) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/76, mír 35, bunaithe ar GRSP-76-03-Rev.2	ECE/TRANS/WP.29/2025/54
171	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 00 ar Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe (CCRT) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 86, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/5, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-16/Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/65
172	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe (Feidhmíocht na mbonn atráchtaithe ar shneachta agus aicmiú mar bhonn tarraingthe) ECE/TRANS/WP.29/GRBP/79, mír 20, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRBP/2025/17 arna leasú le GRBP-81-27-Rev.2	ECE/TRANS/WP.29/2025/78
173	Togra le haghaidh Shraith Leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 11, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/23 arna leasú le GRSP-76-32-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/47
173	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh leis an tSraith Bhunaidh Leasuithe ar Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 13, bunaithe ar GRSP-76-45	ECE/TRANS/WP.29/2025/55
174	Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 174 ó na Náisiúin Aontaithe ECE/TRANS/WP.29/GRSP/76, mír 15, bunaithe ar GRSP-76-27, arna leasú le GRSP-76- 41-Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/48

Uimhir an Rialacháin	*Teideal na míre ar chlár oibre*	*Cód tagartha an doiciméid* [1]
175	Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 nua ar Rialachán Uimh. [175] ó na Náisiúin Aontaithe (ACPE) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 98, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/17, arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-21-33	ECE/TRANS/WP.29/2025/56
Rialachán nua	Togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córais Éigeandála le Fanacht i Lána (ELKS) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/21, mír 90, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2025/9 arna leasú le GRVA-21-08/Rev.1	ECE/TRANS/WP.29/2025/79

([1]) Tá na doiciméid uile dá dtagraítear sa tábla ar fáil ag: (WP.29) An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (196ú seisiún) | CEE-NA